Siansa Gael Linn

Nótaí faoin amhrán

Áireofar an t-amhrán mar chuid dhílis den léiriú agus molaimid am a chaitheamh á roghnú agus á chleachtadh. ***Tá 25 marc as 100 ag dul don amhránaíocht****. Glacfar le hamhráin* ***Ghaeilge*** *nuachumtha nó seanamhráin* ***Ghaeilge*** *(bí cúramach nach amhráin i nGaidhlig na hAlban a roghnófar !) Ní ghlacfar le haistriúcháin agus ní mór do stíl an amhráin luí isteach le rogha ceoil an ghrúpa.*

Foinsí amhráin:

Tá réimse leathan amhrán Gaeilge ar fáil go héasca sa lá atá inniu ann !

- Éist le cláracha ceoil ar an raidió (www.rte.ie/rnag) mar shampla, nó le dlúthdhioscaí ó chatalóga ceoil traidisiúnta (m.sh. www.gael-linn.ie nó www.cic.ie)… nó le grúpaí ceoil traidisiúnta ar You Tube, fiú ! Tabhair cuairt ar chartlann Taisce Cheoil Dúchais Éireann (www.itma.ie)….féach leabhair amhráin ar nós *Abair Amhrán, Cas Amhrán, Ceolta Gael 1 + 2, Croch Suas É …*nó bain úsáid as an idirlíon chun liricí a aimsiú. Tá suíomh mhaith ag TG4 ,áit a bhfuil fáil ar na taifeadtaí sean nóis atá déanta do chláir TG4 féin agus ag Oireachtas na Gaeilge le blianta beaga anuas – www.tg4.ie/seannos/
- Lorg moltaí ó mhúinteoirí, gaolta, comharsana, cairde etc.

Roghnú an amhráin:

Coinnigh simplí é ! Roghnaigh amhrán a oireann don amhránaí/na hamhránaithe !

- Bí cinnte, mar shampla, go bhfuil an gléas in oiriúint dó/di/dóibh (agus ní díreach do na píosaí ceoil atá roghnaithe!) agus nach bhfuil réimse ró-leathan nótaí ann ach an oiread!
- Tabhair aird ar na liricí – an mbeidh an t-amhránaí/na hamhránaithe compordach ó thaobh foghraíochta de ? An bhfuil tuiscint ag baill an ghrúpa uile ar an amhrán ?
- Cuimhnigh ar an gcóiriú – cad iad na féideartheachtaí ? An mbeidh uirlisí ceoil an ghrúpa oiriúnach mar thionlacan ?
- An mbeidh codarsnacht á cruthú - m.sh. trí amhrán mall a roghnú sa chás go bhfuil formhór an cheoil meidhreach nó vice versa ?
- Moltar amhráin neamhchoitianta a roghnú, ach thar aon ní eile, tá sé tábhachtach go dtaitneodh an t-amhrán leis an amhránaí/na hamhránaithe agus go mbeidh sé in oiriúint do phearsantacht an ghrúpa chun gur féidir leo croí agus anam a chur isteach sa chanadh ! Mar shampla, má tá cleachtadh agaibh ar an sean-nós, b'fhéidir go n-oirfeadh ceann de na hamhráin mhóra daoibh. Ar an láimh eile, tá neart taifead ag leithéidí Mairéad Ní Mhaonaigh, Muireann Nic Amhlaoibh, Eithne Ní Uallacháin agus Séamus Begley atá oiriúnach do dhaoine óga ! Nó cum amhrán sibh féin!

Cóiriú:

Ba cheart an iarracht chéanna a dhéanamh maidir le cóiriú an amhráin agus a dheintear ar chóiriú an cheoil!

- Cuimhnigh go mbaineann sé go mór den teaglaim má bhíonn cóiriú snasta ar an gceol ach gan mórán airde tughta don amhrán !
- Uaireanta, is dúshlán níos mó é cóiriú samhailteach a dhéanamh ar an amhrán ná ar an gceol. Cuimhnigh ar na mothúcháin agus ar na híomhánna atá san amhrán – m.sh. grá, cumha etc. Cén uirlis tionlacain a chabhródh chun na mothúcháin sin a chur i láthair ?
- Bíodh an guth chun cinn i gcónaí. Tá na huirlisí ann chun tacaíocht a thabhairt don ghuth, ní chun é a chlúdach suas.
- Smaoinigh ar bhealaigh chun scáth agus solas a chothú– m.sh. baill an ghrúpa ag teacht isteach sa chúrfa le tacaíocht aonghutha nó comhcheol agus a leithéid.
- Coinnigh an cóiriú spéisiúil ach simplí – cuimhnigh nach gá é a bheith casta le bheith héifeachtach ! Ná bíodh an chóiriú ró-bhroidiúil – fág spás anseo is ansiúd chun éagsúlacht a chruthú.
- Bí cruthaitheach faoin nascadh/ceangal idir na píosaí ceoil agus an t-amhrán. Úsáid eilimintí eágsúla den cheol – rithim, frásaíocht, nótaí etc.
- **Lorg cabhair leis an bhfoghraíocht** – ní féidir an iomarca béime a chur air seo! Tá na focail agus an fhoghraíocht chomh tábhachtach céanna leis an fonn (nó b'fhéidir níos tabhachtaí, fiú !)